Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 12 Márta 2018**
**(OR. en)**

**7043/18**

**FIN 224**
**COMPET 149**
**IND 75**
**RECH 102**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 6609/18 FIN 176 COMPET 116 IND 62 RECH 86 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le tuarascáil speisialta Uimh. 20/2017 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa: “Ionstraimí ráthaíochta iasachta arna maoiniú ag an Aontas Eorpach: torthaí dearfacha ach caithfear díriú níos géire ar thairbhithe agus comhordú a dhéanamh le scéimeanna náisiúnta (arna nglacadh an 12/03/2018) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo na Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 20/2017 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa: "Ionstraimí ráthaíochta iasachta arna maoiniú ag an Aontas Eorpach: torthaí dearfacha ach caithfear díriú níos géire ar thairbhithe agus comhordú a dhéanamh le scéimeanna náisiúnta" arna nglacadh ag an gComhairle ag an 3604ú cruinniú dá cuid, a reáchtáladh ar 12 Márta 2018.

**IARSCRÍBHINN**

**CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LE**

**TUARASCÁIL SPEISIALTA UIMH. 20/2017 Ó CHÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA: "IONSTRAIMÍ RÁTHAÍOCHTA IASACHTA ARNA MAOINIÚ AG AN AONTAS EORPACH: TORTHAÍ DEARFACHA ACH CAITHFEAR DÍRIÚ NÍOS GÉIRE AR THAIRBHITHE AGUS COMHORDÚ A DHÉANAMH LE SCÉIMEANNA NÁISIÚNTA"**

FÓGRAÍONN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS,

– AG MEABHRÚ DI gur chomhaontaigh an Chomhairle Eorpach "*plean infheistíochta*" nua a sheoladh inar tugadh isteach, i bhfianaise a thábhachtaí atá na fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) don gheilleagar, go háirithe i dtaca le cruthú post agus nuálaíocht, bearta chun tacú le maoiniú FBManna, go háirithe chun tacú le hinfheistíochtaí i dtíortha ina bhfuil ardleibhéal dífhostaíochta i measc na n-óg[1];

– AG MEABHRÚ DÍ na conclúidí ón gComhairle Iomaíochais i mí na Bealtaine 2016, go háirithe mír 10, inar leagadh béim ar a thábhachtaí atá FBManna agus micrifhiontair ó thaobh an gheilleagair de, agus go háirithe ó thaobh cruthú post de[2];

– AG AITHINT DI gur socraíodh mar chuid den chlár oibre le haghaidh "Fís 2020" don tréimhse 2018-2020 treoirthionscadal na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí a sheoladh, agus é mar aidhm aici nuálaíocht a ghiniúint lena gcruthófaí margaí nua ionas go gcuirfear le scálú suas tapa fiontar Eorpach, go háirithe FBManna;

– AG AITHINT DI go raibh os cionn 99% de na fiontair san Aontas ina FBManna in 2016, agus go raibh 93 mhilliún duine fostaithe sna cuideachtaí sin, arb ionann é sin agus 67 % den fhostaíocht iomlán, agus gur ghin na cuideachtaí sin 57% den bhreisluach agus 85 % de na poist nua ar fad san earnáil ghnó neamhairgeadais[3];

[1] EUCO 104/2/13 REV 2.
[2] 9580/16.
[3] De réir na sonraí ó Eurostat.

– AG TABHAIRT DÁ hAIRE go bhfuil tionchar ag timthriallta idirnáisiúnta gnó ar FBManna ar bhealach sonrach agus gur féidir leo ról tábhachtach mar fhachtóir fritimthriallach a imirt;

– AG MEABHRÚ DI nár éirigh le 17%[4] de FBManna an Aontais iasachtaí bainc a fháil ina n-iomláine in 2017, toisc gur diúltaíodh iasachtaí, nó nár glacadh leo ach go páirteach, agus go bhfuil sé mar aidhm leis an tSaoráid Ráthaíochta Iasachta[5] tacaíocht a thabhairt do ghnólachtaí beaga ag a bhfuil deacrachtaí maidir le rochtain a fháil ar mhaoiniú fiachais agus go bhfuil sé de chuspóir ag an tSaoráid Ráthaíochta do FBManna InnovFin[6] tacaíocht a thabhairt do FBManna ag a bhfuil ardacmhainneacht ó thaobh taighde, forbartha agus nuálaíochta,

1. IS DÍOL SÁSAIMH DI an tuarascáil speisialta Uimh. 20/2017 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal "*Ionstraimí ráthaíochta iasachta arna maoiniú ag an Aontas Eorpach: torthaí dearfacha ach caithfear díriú níos géire ar thairbhithe agus comhordú a dhéanamh le scéimeanna náisiúnta*"[7];

2. CUIREANN SÍ I bhFIOS go gcuireann acmhainní ón gCiste Eorpach le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha[8] EUR 0.55 billiún sa bhreis le ranníocaíochtaí ón Aontas chuig an tSaoráid Ráthaíochta Iasachta agus EUR 0.88 billiún sa bhreis chuig an tSaoráid Ráthaíochta do FBManna InnovFin, faoi seach;

3. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhféadfadh laigí a bheith ann sa tSaoráid Ráthaíochta Iasachta agus sa tSaoráid Ráthaíochta do FBManna InnovFin, e.g. deacrachtaí ó thaobh díriú ar FBManna nach bhfuil rochtain acu ar mhaoiniú; AITHINÍONN SÍ, mar sin féin, go bhfuil torthaí nithiúla na n-ionstraimí sin ríshoiléir, *inter alia*, mar thoradh ar a n-éifeacht giarála airgeadais, chun nuálaíocht ard-riosca, bille pá níos airde agus láimhdeachas níos fearr gnó a chothú;

4. CUIREANN SÍ I bhFIOS go bhfuil tábhacht ag baint leis an rochtain a bheith simplí, éasca, agus ba cheart, leis na critéir shonracha incháilitheachta don tSaoráid Ráthaíochta do FBManna InnovFin agus don tSaoráid Ráthaíochta Iasachta, go mbeifí fós in ann na hionstraimí sin a roghnú agus, ar an gcaoi sin, tacú le cruthú post, fás eacnamaíoch agus nuálaíocht san Eoraip;

---

4 De réir sonraí ón gCoimisiún Eorpach.
5 Rialachán (CE) Uimh. 1287/2013.
6 Rialachán (CE) Uimh. 1291/2013.
7 Tá an tuarascáil speisialta le fáil i ngach teanga oifigiúil ar shuíomh gréasáin na Cúirte: http://eca.europa.eu.
8 Rialachán (CE) Uimh. 2015/1017.

5. IS DÍOL SÁSAIMH DI go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún Eorpach, mar a luadh i gcomhthéacs na tuarascála, feabhas a chur ar a chóras meastóireachta agus measúnaithe maidir le bearnaí sa mhargadh a bheith ann, go háirithe, trí chláir eile de chuid an Aontais a chur san áireamh, e.g. Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa, agus tionscnaimh na mBallstát, chomh maith le comhordú eatarthu, *inter alia* trí mheasúnuithe *ex-ante*, cinntí saineolaithe agus ceachtanna a foghlaimíodh as an meastóireacht ex-post ar éifeachtacht na n-ionstraimí agus a dtionchar ar shaothair thaighde agus nuálaíochta a bhfuil ardacmhainneacht barrfheabhais ag gabháil leo;

6. ÁITÍONN SÍ ar an gCoimisiún Eorpach an tuarascáil speisialta ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa Uimh. 20/2017 agus na gnéithe thuas a chur san áireamh nuair a bheidh cláir chomharba á moladh, agus ar an gcaoi sin treisiú, díriú níos fearr agus roghnú níos leithne na n-ionstraimí atá dírithe ar ghnólachtaí beaga go háirithe a áirithiú.